An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Treoir maidir le Canbhasáil agus Toghcháin – Do Dhaoine Aonair

Nuair a úsáidtear do shonraí pearsanta le haghaidh canbhasáil pholaitiúil agus gníomhaíochtaí toghchánacha, cuimsíonn do Chearta cosanta sonraí na cearta seo leanas:

- **Eolas iomlán, soiléir agus trédhearcach** a fháil maidir le bailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, lena n-áirítear aitheantas an duine dona bhfuil siad á bhailiú, an fáth go bhfuil siad á bhailiú, conas a úsáidfear iad, cé lena roinnfear iad, cé chomh fada a choimeádfar iad agus cad iad do chearta maidir leis na sonraí pearsanta sin;
- **Rochtain a fháil ar chóip** de do shonraí pearsanta ar fad atá á choimeád ag aon ionadaí poiblí, iarrthóir toghchánacha nó páirtí/grúpa polaitíochta ach amháin má tá díolúine bailí ann;
- Go gcosnófar do shonraí pearsanta ó bheith úsáidte ar aon chúiseile seachas an cuspóir nó na cuspóirí bailí agus dleathacha lenar bailíodh iad, nó cuspóir eile nach gcuireann isteach ar an mbunchuspóir;
- Go gcoimeádfar do shonraí pearsanta **cruinn agus suas chun dáta** agus aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán a réiteach nó a chomhlíonadh go hiomlán;
- Go gcoimeádfar do shonraí pearsanta **slán agus sabháilte** ar bhonn oiriúnach; agus
- **Gearán a dhéanamh** leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

**Má tá tú ag lorg faisnéise níos ginearálta faoi do cheart mar ábhar sonraí, is féidir féachaint ar láithreán gréasáin an DPC, áit is féidir leat teacht ar treoir do dhaoine aonair, chomh maith lenár nótaí treorach ar an mbunús atá le cosaint sonraí agus na prionsabail um chosaint sonraí, rudaí ba cheart do gach feachtasóir, canbhasálaí, agus iarrthóir meas a bheith acu orthu agus iad ag próiseáil do shonraí pearsanta.**

## Achtanna Toghchán

Ceadaíonn reachtaíocht toghchánacha úsáid a bhaint as faisnéis (a chuimsíonn ainm, seoladh agus stáisiún vótála) a choimeádtar ón gclár toghthóirí ar chúiseanna toghchánacha. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hionadaithe poiblí, páirtithe/grúpaí polaitíochta agus iarrthóirí toghchánacha an fhaisnéis seo a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an lucht vótála, mar shampla trí bhileoga toghcháin (margaíocht dhíreach) a sheoladh tríd an bpost chuig daoine aonair. Mionathraíonn an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 gnáth-chearta an duine aonair gearán a dhéanamh i leith margaíocht dhíreach nuair a tharlaíonn an mhargaíocht dhíreach le linn na ngníomhaíochtaí toghchánacha, i dtreo is nach bhfuil aon cheart dlíthiúil ann gearán a dhéanamh i leith mhargaíocht thoghchánacha dhíreach tríd an bpost.

Chomh maith leis sin, ligeann reachtaíocht toghchánacha d'aon duine, faoi choinníollacha áirithe agus laistigh de thréimhse áirithe, rochtain a fháil ar an leagan marcáilte den chlár toghthóirí le haghaidh toghcháin áirithe, a thaispeánann ar vótáil duine aonair sa toghchán sin nó nár vótáil.

## Do Chearta Nuair a Déantar Canbhasáil Ort

D'fhéadfaí do shonraí pearsanta a fháil uait ó **chanbhasáil doras go doras** má thoileann tú do shonraí pearsanta a sholáthar sa tslí seo ach níl aon oibleagáid ort é seo a dhéanamh.

Caithfidh ionadaithe poiblí, iarrthóirí toghchánacha, a n-ionadaithe agus aon pháirtithe/grúpaí polaitíochta atá ag bailiú eolais fút **cosaintí iomchuí** a chur I bhfeidhm chun aon sonraí pearsanta a bhailítear uait a thaifeadadh agus a chosaint go cruinn, lena n-áirítear do thuairimí polaitiúla.

Ba cheart go dtabharfar **faisnéis shoiléir** duit faoi cad iad do chearta cosanta sonraí, agus conas a dhéanfaidh siad do shonraí pearsanta a láimhseáil, lena n-áirítear conas agus cén fáth a n-úsáidfear iad, agus cé chomh fhada a  choimeádfar iad.

## Canbhasáil Ar Líne agus Canbhasáil Leictreonach

Tá do chearta maidir le margaíocht dhíreach leictreonach fós i gceist maidir le canbhasáil (m.sh. téacsanna, ríomhphoist, glaonna teileafóin nó facsanna) déanta ag ionadaithe poiblí, iarrthóirí toghchánacha nó páirtithe/grúpaí polaitíochta. Mar sin, ní ceart go bhfaighfeá cumarsáid dá leithéid ach amháin **má thoileann tú iad a fháil**.

Chomh maith leis seo, caithfidh go gcuirfear aitheantas an seoltóra in iúl duit in aon chumarsáid dá leithéid agus go dtabharfar bealach simplí agus éasca duit chun diúltiú d'aon chumarsáid eile. Ní mór duit bheith in ann do thoiliú a aistarraingt chomh héasca is a thug tú é.

D'fhéadfá **fógraíocht pholaitiúil ar líne** a fheiceáil chomh maith, trí laithreáin iarrthóirí nó páirtithe,  sin nó trí seirbhísí nó ardáin ar líne mar na meáin shóisialta. Má úsáidtear do shonraí pearsanta chun na fógraí seo a dhíriú, caithfidh an duine atá freagrach as na fógraí sin bheith trédhearcach faoi conas a úsáidtear do shonraí, lena n-áirítear cad é an bunús dlí atá ann chun é seo a dhéanamh, agus cé leis a bhfuil do shonraí pearsanta á roinnt acu. Cuireann roinnt ardáin ar líne uirlisí ar fail freisin a ligeann duit féachaint ar conas agus cén fáth go bhfuil fógraí áirithe á fháil agat, agus i gcás fógraí pholaitiúla, conas a maoinítear iad.

## Cothromaíocht a Aimsiú Idir Chearta

Ní cearta absalóideacha iad cearta cosanta sonraí agus aithníonn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) **go gcaithfear cothromaíocht a aimsiú** idir na cearta seo agus **leas an phobail** chun sochaí dhaonlathach a fheidhmiú go héifeachtach. De bharr seo, i gcúinsí áirithe, d'fhéadfaí **srian a chur** ar chearta cosanta sonraí duine aonair **de réir an dlí** – mar shampla, nuair is gá chun feidhmiú an chórais toghcháin a éascú.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, tá srianta áirithe ar cheart duine aonair chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta, nuair a déantar í i mbun gníomhaíochtaí toghchán. Mar sin féin, ní chuireann **na srianta seo ar an cheart chun agóid a dhéanamh** isteach ar na gcearta eile atá ag daoine aonair nó ar na hoibleagáidí atá ag feachtasóirí maidir le gníomhaíochtaí toghchán – is gá fós go mbeidh údar bailí leis na sonraí pearsanta a phróiseáil, agus caithfear go mbeidh meas ar chearta eile, mar shampla, an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis.